Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission
Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

S04/06

CHUIG: ÚDARÁIS BHAINISTÍOCHTA NA SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL

Scrúdú Eolaíochta (Siollabas Athbreithnithe) an Teastais Shóisearaigh

Mar is eol duit tugadh isteach siollabas athbreithnithe le haghaidh Eolaíocht an Teastais Shóisearaigh sna scoileanna ó Mheán Fómhair, 2003 ar aghaidh. Scrúdófar an siollabas athbreithnithe den chéad uair i scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2006.

Bainfidh **trí chomhpháirt** leis an measúnacht:

a) Obair chúrsa phraiticiúil

i) Obair Chúrsa **A** **(60 marc / 10%)**
ii) Obair Chúrsa **B** **(150 marc / 25%)**

b) Scrúdú Scríofa Ceann Cúrsa **(390 marc / 65%)**

Rianaíonn an ciorclán seo na socruithe maidir le cur i láthair agus measúnacht an Leabhráin Tuarascála. Is cóir é a léamh i gcomhthéacs na gciorclán S68/04 agus S69/04, a leagann amach polasaí agus cleachtas Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) maidir le measúnacht ar obair chúrsa phraiticiúil sna scrúduithe teistiméireachta. Tá cóipeanna de na ciorcláin sin le fáil ar shuíomh gréasáin CSS, www.examinations.ie.

Ní mór an obair chúrsa phraiticiúil a chur isteach le haghaidh scrúdaithe sa Leabhrán Tuarascála, a bhfuil cóipeanna de faoi iamh mar eolas duit.

Níor chóir aon bhreiseanna ná iatáin a chur isteach in éineacht leis an leabhrán.

Leabhráin Tuarascála *Pro-forma* a úsáid

Ní mór do gach iarrthóir Leabhrán Tuarascála a chomhlánú in imeacht na scoilbhliana reatha. Más mian le hiarrthóirí taithí a fháil ar chuntais a scríobh sna leabhráin tuarascála *pro-forma* sula dtosaíonn siad ar obair an scrúdaithe, iarrtar orthu é a dhéanamh ar leaganacha fótachóipeáilte de na leabhráin *pro-forma*. **Ní sheolfaidh** an Choimisiún amach cóipeanna breiseanna mar áis chun taithí a fháil ar na leabhráin *pro-forma* a líonadh isteach. Is cóir do gach iarrthóir gan ach **aon leabhrán amháin** a chur isteach. Ní mór an obair chúrsa a chur isteach i bhfoirm chaighdeánach sa leabhrán a chuireann an Coimisiún ar fáil chuige sin.

Ba chóir go mbeadh sonraí sa leabhrán comhlánaithe den éileamh ar mharcanna maidir le hObair Chúrsa A chomh maith le tuairisc an iarrthóra ar an obair a rinneadh d'Obair Chúrsa B. Éilíonn Obair Chúrsa B go ndéanfadh iarrthóirí tuairisc ar dhá fhiosrúchán a rinne siad as na trí cinn atá sonraithe ag CSS i gcomhair 2006, nó go ndéanfaidís tuairisc ar fhiosrúchán níos substaintiúla amháin dá rogha féin a rinne siad. Tá leabhráin tuarascála ar leith ar fáil ó CSS don dara rogha seo ach iad a lorg.

A thábhachtaí atá sé a dheimhniú gurb é obair indibhidiúil an iarrthóra féin atá sa Leabhrán Tuarascála

Obair indibhidiúil an iarrthóra féin a chaithfidh a bheith san fhiosrúchán / sna fiosrúcháin agus sa tuairisc / sna tuairiscí a chuirtear i láthair sa Leabhrán Tuarascála. Ní ghlacfar le haghaidh measúnachta ach Leabhráin chomhlánaithe a bheidh deimhnithe ag na húdaráis scoileanna agus an deimhniú sin déanta ar fhoirmeacha a chuirfidh an Coimisiún ar fáil, á dhearbhú gur obair indibhidiúil an iarrthóra féin atá iontu. Ba chóir go ndéanfadh múinteoirí monatóireacht ar dhul chun cinn obair na n-iarrthóirí ar bhonn rialta. Dírítear aird na n-iarrthóirí agus na múinteoirí ar chiorcláin S68/04 agus S69/04. **Tugtar faoi deara, le do thoil, nach mór don iarrthóir féin an scríbhneoireacht ar fad a dhéanamh sa leabhrán tuarascála *pro-forma*.**

I gcás go mbíonn amhras ar bith ann maidir le cóipeáil, cúnamh míchuí ó aon pháirtí eile, bradaíl nó soláthar oibre atá ullmhaithe ag páirtí eile, déanfar sin a fhiosrú go hiomlán. Ba chóir a chur ar a súile d'iarrthóirí na pionóis is féidir a ghearradh faoi *Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna*. Ar na pionóis sin tá, cailliúint an ábhair, cailliúint an scrúdaithe sna hábhair ar fad go huile is go hiomlán, nó a bheith toirmiscthe ar na Scrúduithe Teistiméireachta a dhéanamh sna blianta ina dhiaidh sin.

Aithnítear gur féidir na fiosrúcháin a dhéanamh i ngrúpaí beaga i gcásanna áirithe. **Ach obair indibhidiúil an duine féin is cóir a bheith sa tuairisc.** Ní mór obair indibhidiúil an iarrthóra féin a shonrú go soiléir sa leabhrán. Tá de fhreagracht ar **gach iarrthóir** sa ghrúpa a dheimhniú go gcuirfear a c(h)uid oibre féin i láthair go soiléir. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach as foinsí tánaisteacha – seachas tagairtí riachtanacha e.g. sainmhínithe.

Is cóir na Leabhráin Tuarascála a chomhlánú faoi **28 Aibreán 2006.** Ar an dáta sin is cóir treoir a thabhairt do gach iarrthóir a Leabhrán Tuarascála comhlánaithe a chur isteach i gclúdach iarrthóra a chuirfidh CSS ar fáil. Ní mór don iarrthóir a (h)uimhir iarrthóra a chur ar chumhdach an chlúdaigh. Nuair a bheidh an clúdach faoi shéala, is cóir don iarrthóir é a thabhairt ar láimh do na húdaráis scoile. Iarrtar ar scoileanna na clúdaigh uile ina bhfuil na Leabhráin Tuarascála a choinneáil in áit shábháilte go dtí lá an scrúdaithe scríofa. Lena chois sin, ní mór taifid na n-iarrthóirí ar na fiosrúcháin shainordaithe i.e. na tuairiscí, a bheith ar fáil le haghaidh monatóireachta ag CSS i rith thréimhse na scrúduithe.

Is cóir d'iarrthóirí bliain an scrúdaithe agus a scrúduimhir a scríobh sna boscaí cuí. Seolfar chuig na scoileanna le himeacht ama soláthar clúdach atá deartha go speisialta.

Freagairt trí Ghaeilge

Tabhair faoi deara le do thoil **nach mbronnfar** marcanna bónais ar aon obair chúrsa a chuirfear i gcrích trí Ghaeilge, díreach mar a tharlaíonn leis na scrúduithe eile ar fad a bhfuil comhpháirteanna iontu seachas an scrúdú foirmiúil scríofa.

Liosta na dTopaicí Sonraithe

Tá liosta de na topaicí sonraithe i gcomhair **2006** faoi iamh freisin.

Cuir an ciorclán seo agus Liosta na dTopaicí Sonraithe faoi bhráid na múinteoirí atá ag plé le siollabas athbreithnithe Eolaíochta an Teastais Shóisearaigh, le do thoil.

Má bhíonn aon cheist agat faoi aon chuid de seo téigh i dteagmháil le Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag an uimhir 090 644 2760.

Caitlín Uí Chaomhánaigh
Leas-Phríomhoifigeach

Eanáir 2006